

Athbheochan Chultúrtha na hÉireann | Freagra samplach

‘Conas a d’fhorbair féiniúlachtaí cultúrtha agus creidimh in Éirinn, 1870-1914?’ (2019)

Bhí meath ag teacht ar an gcultúr Gaelach agus bhí an tír ag éirí níos gallda. Bhí fás ag teacht ar líon na nÉireannach a bhí ag glacadh le cultúr, teanga agus nósanna Shasana, agus dearmad á dhéanamh acu ar a gcultúr féin. Bhí athbheochan chultúrtha ann sna blianta deireanacha den 19ú haois. D’fhás an náisiúnachas cultúrtha mar thoradh air seo. Rinne eagraíochtaí ar nós CLG agus Conradh na Gaeilge iarracht féiniúlacht agus cultúr na hÉireann a athbheochan tríd an spórt agus tríd an nGaeilge. Rinne athbheochan litríochta Angla-Éireannach iarracht é seo bhaint amach le litríocht agus le drámaí.

CLG

Eagraíodh spóirt Shasana De Valera ar nós sacar, cruicéad, rugbaí agus lúthchleasaíocht le rialacha agus comórtais. B’fhir Phrotastúnacha, Aontachtaithe agus fir den uasaicme a d’imir na cluichí seo den chuid is mó. D’imríte na cluichí ar an Satharn, nuair a bhíodh na Caitlicigh bhochta ag obair. Tháinig meath ar chluichí traidisiúnta na hÉireann dá bharr. Mar sin bhí Mícheál Ó Cíosóig, ar iarbhall den IRB é, den tuairim gur bhagairt a bhí i scaipeadh cluichí Shasana do chultúr na hÉireann. Mar sin, scríobh sé alt i nuachtán Éireannach inar chuir sé a chuid mianta in iúl. Theastaigh uaidh na cluichí Gaelacha a chaomhnú, spóirt a chur ar fáil do dhaoine ó gach aicme shóisialta agus cumhacht níos fearr a fháil ar reáchtáil na spórt Éireannach.

Thacaigh Maurice Davin, a bhí ar cheann de na lúthchleasaithe ab fhearr in Éirinn, le tuairimí Uí Chíosóig. Mar sin, bhunaigh an bheirt acu Cumann Lúthchleas Gael nó CLG in Óstán Hayes i nDurlas ar an 1 Samhain 1884. Bhí 11 eile bainteach leis an mbunú. Ba é Davin an chéad Uachtarán agus toghadh Ó Cíosóig mar rúnaí. Reáchtáladh an dara cruinniú i gCorcaigh in

1885, áit ar chuir siad an chéad sraith rialacha le chéile. Bunaíodh craobhacha ar fud na tíre, agus bhí os cionn 600 club ann faoin mbliain 1887. Dúirt Ó Cíosóig an méid seo faoi scaipeadh an chumann: “the association swept the country like a prairie fire”. Fuair CLG tacaíocht freisin ón Eaglais Chaitliceach toisc go raibh na clubanna bunaithe ar pharóistí, rud a chuir leis an iomaíocht. Bhí níos mó tóir ar chluichí na hÉireann faoin tuath ná mar a bhí i gcathracha, Corcaigh agus Baile Átha Cliath mar shampla.

Bhí cúrsaí polaitíochta taobh thiar de roinnt de na rialacha. In 1886, cuireadh cosc ar dhaoine a d’imir Spóirt Shasana nó spóirt “eachtrannacha”. In 1888, cuireadh cosc ar bhaill Chonstáblacht Ríoga na hÉireann agus in 1902, cuireadh cosc ar bhaill d’Arm na Breataine. Imríodh cluichí ar an Domhnach freisin, ionas go bhféadfaidís díoltas a bhaint amach ar na Protastúnaigh nach raibh in ann imirt an lá sin Ba í Sam Mac Uidhir an eisceacht, fear a dheonaigh Corn Sam Mhig Uidhir.

Breathnaíodh air freisin mar chumann a chuir le fás IRB (Bráithreachas Phoblacht na hÉireann). Níos déanaí, cuireadh iallach ar Ó Cíosóig éirí as a phost mar rúnaí mar gheall ar “neamhéifeachtúlacht”. Ní raibh admhálacha le fáil agus níor tugadh freagra ar roinnt litreacha. Tháinig fear IRB ina áit. In 1887, mhéadaigh IRB an smacht ollmhór a bhí acu ar CLG nuair a fuarthas réidh le Davin mar Uachtarán agus tháinig Bennet, fear IRB ina áit. I mí Eanáir 1888, atoghadh Davin agus díbríodh baill IRB ó na poist is tábhachtaí in CLG.

Chomh maith leis sin, ba bheag nár scrios an ‘Scoil Pharnellíteach’ CLG mar gurb é CLG a thug garda onóra ag a shochraid in 1891. Thit líon na gclubanna ó 1,000 club in 1888 go 220 club in 1891. D’fhág tromlach na ndaoine nár thacaigh le Parnell CLG. Thóg sé breis agus bliain do CLG teacht ar ais chuige féin. Mar sin féin, bhain tábhacht le rath CLG agus d’fheabhsaigh siad na rialacha, na foirne idirchontae, na comhairlí cúige agus cheannaigh siad Bóthar Mhic Sheoin (Páirc an Chrócaigh) in 1913.

Conradh na Gaeilge (CnaG)

Maidir le Conradh na Gaeilge, in 1851 labhair thart ar 25% den daonra Gaeilge. Faoin mbliain 1901, áfach, bhí an figiúr seo thart ar 14%. Samhlaíodh an Ghaeilge leis an mbochtaineacht agus le haineolas. Theastaigh ó thuismitheoirí go bhfoghlaimeodh a gcuid páistí Béarla ar eagla

go mbeadh orthu dul ar imirce. Ba bhuille trom é an Gorta Mór do cheantair thuaithe na hÉireann, áiteanna ina raibh an Ghaeilge beo, mar go bhfuair go leor daoine bás agus bhí ar dhaoine eile dul ar imirce.

Mar sin bhunaigh Dubhghlas de hÍde agus Eoin Mac Néill Conradh na Gaeilge in 1893, le ceithre phríomhaidhm. An Ghaeilge a athbheochan mar an teanga náisiúnta, staidéar agus foilsiú litríocht na hÉireann a chur chun cinn, litríocht nua a fhorbairt i nGaeilge agus díghalldú a dhéanamh ar Éirinn. Bhunaigh siad múinteoirí taistil, ar ar tugadh timirí, chun taisteal timpeall na tíre leis an nGaeilge a theagasc. Bunaíodh coláistí oiliúna múinteoirí chun daoine a oiliúint maidir le teagasc na Gaeilge. Bhí sé éigeantach anois Gaeilge a bheith acu le háit a fháil san ollscoil náisiúnta nua. Bhí comórtais ann freisin sa rince agus san amhránaíocht, ar tugadh feiseanna agus céilithe orthu. Comórtas náisiúnta is ea an tOireachtas a mhaireann fós.

Theastaigh ó Dhubhghlas de hÍde go mbeadh CnaG neamhpholaitiúil agus go mbeadh sé oscailte do chách. D'éirigh sé as a ról ag Ardfeis an Chonartha in 1915 toisc go raibh an Conradh ag iarraidh tacú le saoire na hÉireann. Ar an iomlán, níor éirigh le Conradh na Gaeilge stop a chur le meath líon na gcainteoirí Gaeilge. Tháinig laghdú 100,000 ar líon na gcainteoirí Gaeilge idir 1891-1926. É sin ráite, d'éirigh le Conradh na Gaeilge ábhar aitheanta a dhéanamh den Ghaeilge i scoileanna agus in ollscoileanna. Chomh maith leis sin, chuir CnaG feabhas ar chaighdeán agus ar líon na leabhar in Éirinn agus lig sé do mhná páirt níos mó a ghlacadh i bpolaitíocht náisiúnach.

An Athbheochan Litríochta Angla-Éireannach

B'athbheochan ar litríocht Éireannach trí mheán an Bhéarla ab ea an Athbheochan Litríochta Angla-Éireannach. Bhí an athbheochan seo bunaithe ar scéalta béaloidis, ar fhinscéalta agus ar stair na hÉireann. Ba é an file William Butler Yeats a chuir tús leis an athbheochan nuair a bhunaigh sé an Cumann Litríocht Éireannach i Londain in 1891. Ansin bhunaigh sé an Cumann Náisiúnta Litríochta i mBaile Átha Cliath in 1892. Bhuail sé le Lady Gregory agus Edward Martyn, arbh iad tiarnaí talún de chuid na Gaillimhe iad. Bhí spéis mhór acu go léir i scéalta béaloidis agus i bhfinscéalta na hÉireann, agus bhunaigh siad Amharclann Litríocht Éireannach in 1898 chun drámaí a chur ar stáitse a chum drámadóirí Éireannacha.

Ba é an chéad dráma a cuireadh ar stáitse “*The Countess Cathleen*” de chuid Yeats. Bhí an dráma seo bunaithe ar bhean Éireannach ar dhíol a hanam leis an diabhal chun bia a thabhairt do na boicht. Bhí an phríomhpháirt ag Maude Gonne, a bhí mar leannán ag Yeats, sa chéad dráma eile darb ainm Cathleen ni Houlihan. Sa dráma seo, léiríodh Éire mar spéirbhean óg a bheadh sásta bás a fháil ar son a tíre. Tar éis Éirí Amach 1916, dúirt Yeats an méid seo: “Did that play of mine send out certain men the English shot?”

Fuair Yeats agus Lady Gregory tacaíocht ó bhean shaibhir Shasanach darb ainm Annie Horniman. In 1904, thug Horniman an t-airgead chun Amharclann na Mainistreach a cheannach i mBaile Átha Cliath, agus chun an amharclann a fheistiú. Ba é John Millington Synge an scríbhneoir ba chumasáí i laethanta tosaigh Amharclann na Mainistreach. Bhain a chéad dráma, *Shadow of the Glen* (1903), le bean óg a fhágann a fear céile níos sine agus a éalaíonn le tramp. Cuireadh fearg ar an lucht féachana nuair a moladh go bhféadfadh mná na hÉireann adhaltranas a dhéanamh. Bhí *Playboy of the Western World* (1907) bunaithe ar fhear darb ainm Christy Mahon a mharaigh a athair. Spreag sé seo fearg i measc an lucht féachana agus bhí círéibeacha ann. Thug Yeats cosaint don dráma agus dúirt sé go raibh muintir na hÉireann ag éirí ró-chúngaigeanta.

Cé gur eascair corpas mór litríocht Éireannach nua-aimseartha as an nGluaiseacht Litríochta Angla-Éireannach, tháinig meath ar an ngluaiseacht sa chéad deich mbliana den fhichiú haois. Mhaígh náisiúnaithe gur chóir dóibh drámaí a úsáid chun Saoirse na hÉireann a chur chun cinn, ach chreid Yeats gur chóir go mbeadh saoirse cainte ag scríbhneoirí. Chreid sé chomh maith gur chóir go mbeadh fiúntas litríochta ar an bpríomhchritéar agus moltóireacht á déanamh ar shaothair scríbhneoirí. Fuair Synge bás in 1909 agus maraíodh Seán Ó Conghaile, aisteoir de chuid Amharclann na Mainistreach, san ionsaí ar Chaisleán Bhaile Átha Cliath Luan Cásca 1916.

Cumhacht na hEaglaise Caitlicí

Tháinig fás suntasach ar chumhacht na hEaglaise Caitlicí sa dara leath den naoú haois déag. Ba Chaitlicigh 80% den daonra agus tháinig méadú nach mór 200% ar líon na sagart, na mbráithre agus na mban rialta idir 1870 agus 1900. Tháinig méadú ar an gcumhacht freisin de réir mar a bhí líon na n-eaglaisí ag méadú. Tháinig laghdú ar chumhacht Phrotastúnach le horduithe ar nós *Ne Temere* in 1908, a luaigh go gcaithfí páistí ó phósadh measctha (idir Protastúnaigh agus

Caitlicigh) a thógáil ina gCaitlicigh.

Chiallaigh meath na Gaeilge go raibh muintir na hÉireann anois ag dul i muinín an Chaitliceachais mar bhraistint féiniúlachta. Bhí sé seo fíor go háirithe i gcás na hathbheochana cultúrtha mar gur imrití cluichí ar an Domhnach agus bhí clubanna roinnte de réir na bparóistí. Dúirt go leor ceannairí náisiúnaithe go raibh an Caitliceachas agus an Protastúnachas san áireamh san 'Éireannachas', ach dúirt neart eile nár bhain an Protastúnachas leis.

Chuir D.P Moran an smaoineamh seo chun cinn ina nuachtán seachtainiúil "The Leader" agus ina leabhar "The Philosophy of Irish Ireland". Dúirt sé gur comharthaí an Éireannachais a bhí sa Ghaeilge agus sa Chaitliceachas. Dúirt sé go raibh an Ghaeilge mar chosantóir an Chaitliceachais ón olcas a tháinig isteach go hÉirinn tríd an mBéarla. D'fhéach sé air seo mar chath idir dhá shibhialtacht. Cháin Moran an athbheochan liteartha freisin toisc go raibh a ceannairí "ró-Phrotastúnach."

An Athbheochan Litearthachta Angla-Éireannach

Ag deireadh an 18ú haois, bhí formhór na mbunscoileanna neamh-shainchreidmheach go dtí gur ghníomhaigh an Eaglais Chaitliceach thart ar na 1870idí. Rinne siad bainisteoirí scoile de shagairt agus de mhinistí, agus chuir siad a gcumhacht i bhfeidhm ar mhúinteoirí agus ar dhaltaí araon. D'fhreastail mórchuid na bpáistí ar scoil go dtí 12 bhliain d'aois. Ansin bhí oideachas dara leibhéal ag teastáil le dul i dtreo an dlí nó i dtreo an leighis. Ní raibh ach na daoine saibhre in ann a gcuid páistí a chur chuig an meánscoil, ach bhí líon beag scoláireachtaí ar fáil do scoláirí cliste bochta. Ní dhearnadh aon scrúduithe stáit agus ní bhfuair múinteoirí aon tuarastal.

Bhunaigh an tAcht um Oideachas Idirmheánach in 1878 an Bord um Oideachas Idirmheánach i mBaile Átha Cliath, chomh maith le scrúduithe Stáit i roinnt ábhar. Bhain idir bhuntáistí agus mhíbhuntáistí éagsúla leis seo. Tháinig feabhas ar líon na gcailíní a bhí ag freastal ar scoil agus caitheadh leo ar comhchéim leis na buachaillí. Bhí go leor cailíní ag bogadh ar aghaidh go dtí an tríú leibhéal anois. Tháinig feabhas ar an tsoghluaisteacht shóisialta anois, agus thug dreasachtaí nua spreagadh do scoláirí ón ísealaicme agus ón meánaicme freastal ar scoil. Ar an lámh eile, áfach, bhí na roghanna ábhar le scrúduithe róchúng agus tugadh neamhaird ar ábhair chultúrtha, ceol agus ealaín mar shampla. Chomh maith leis sin, is ar éigean a bhí Gaeilge á

múineadh go dtí Conradh na Gaeilge in 1893. Mhair an tAcht um Oideachas Idirmheánach go dtí 1924.

Bhí Ceist na hOllscoile á plé go forleathan in Éirinn timpeall an ama seo. Go dtí 1845, ní raibh ach aon ollscoil amháin in Éirinn, Coláiste na Tríonóide, a bhí faoi smacht na heaglaise. Ansin bhunaigh Rialtas na Breataine Coláistí na Banríona i mBéal Feirste, i gCorcaigh agus i nGaillimh in 1845. Ó tharla go raibh siad neamh-shainchreidmheach, thug ministrí “coláistí gan Dia” orthu. Ansin in 1879, bliain tar éis an Achta um Oideachas Idirmheánach, bunaíodh "Ollscoileanna Ríoga" agus cuireadh deireadh le Coláistí na Banríona. Sna hollscoileanna seo, caitheadh go cothrom le gach mac léinn, beag beann ar a gcúlra reiligiúnach. Bhí siad ar cheann de na chéad ollscoileanna freisin a chaith go cothrom le cailíní agus buachaillí. In 1908, rinneadh Ollscoileanna na hÉireann de na Coláistí i gCorcaigh agus i nGaillimh. Fágadh an coláiste i mBéal Feirste mar Choláiste na Banríona mar go raibh ag éirí go maith leis.

Céad Pháirtí Shinn Féin

Bhunaigh agus rinne Art Ó Gríofa eagarthóireacht ar nuachtán seachtainiúil, *The United Irishman*. Bhí sé ag iarraidh teanga, litríocht agus stair na hÉireann a chur chun cinn. Bhunaigh sé Cumann na Gaedheal in 1900 chun tacú le hathbheochan chultúrtha na hÉireann.

Poblachtach a bhí ann ach níor theastaigh Éirí Amach uaidh. Mar sin, d'fhoilsigh sé *The Resurrection of Hungary* in 1904, a thug achoimre ar thaithí na hUngáire agus saoirse á lorg acu. Mhol sé coincheap na démhonarcachta, ina mbeadh neamhfhreastal parlaiminteach mar chuid di. Ní fhreastalódh MPanna Éireannacha ar Westminster, agus dhéanfaidís parlaimint a bhunú i mBaile Átha Cliath.

Tugadh frithbheartaíocht shíochánta air seo. Thacaigh sé freisin le caomhnaitheacht ó thaobh an gheilleagair de. Ba iad seo na príomhpholasaithe do Shinn Féin, a bhunaigh sé in 1905. Rinne siad dul chun cinn tapa agus bhí os cionn 100 craobh acu faoin mbliain 1908. Bhí Sinn Féin go hiontach mar gur thug sé deis do mhná a bheith ina mbaill iomlána.

Faoi 1910 áfach, bhí Sinn Féin ag meath toisc nach raibh sé éasca réiteach go maith le hÓ Gríofa.

Bhí a nuachtán, ar ar thug sé Sinn Féin anois i dtrioblóid airgeadais agus bhí sé beagnach bancbhriste. Ach úsáideadh ainm Shinn Féin le cur síos a dhéanamh ar gach foirm den fhíornáisiúnachas. In 1916, thug Rialtas na Breataine míbhrí as an Éirí Amach agus thug siad “Éirí Amach Shinn Féin” ar Éirí Amach na Cásca.

Na Sufraigéidí

Ní raibh ceart vótála ag mná. D’éirigh an t-éileamh ar chearta vótála i measc mhná na hÉireann i bhfad ní ba láidre ag deireadh an 19ú haois agus ag tús an 20ú haois ar go leor cúiseanna. Bhí mná níos oilte anois agus bhí níos mó deiseanna fostaíochta ann. Bhí roinnt daoine i mbun feachtasaíochta ar son chearta na mban ó thaobh na maoine agus an oideachais de, ach ní bheidís in ann na cearta seo a bhaint amach gan ceart vótála a bheith acu ar dtús.

Bhí Isabella Tod agus Anna Haslam, ar Phrotastúnaigh iad beirt, lárnach san fheachtasaíocht seo. Bhunaigh Tod Cumann Thuaisceart Éireann do Cheart Vótála do Mhná i mBéal Feirste in 1871. Cúig bliana ina dhiaidh sin, bhunaigh Haslam Cumann Cheart Vótála do Mhná Bhaile Átha Cliath. D’éiligh siad vótaí do mhná i dtoghcháin pharlaiminteacha agus i dtoghcháin áitiúla. D’úsáid siad paimfléid, cruinnithe agus achainíocha chun na Parlaiminte leis an bhfeachtasaíocht seo a dhéanamh.

Thug an tAcht Rialtais Áitiúil 1889 an ceart vótála i dtoghcháin comhairlí áitiúla do mhná a d’íoc rátaí. Bhunaigh Haslam Cumann Cheart Vótála do Mhná agus Údarás Áitiúil na hÉireann, a bhí i mbun feachtais chun mná a thoghadh sna comhairlí áitiúla. D’éirigh leo 35 duine a fháil tofa.

Bhí Hanna Sheehy-Skeffington ar cheann de na mná a chuaigh i mbun feachtais ag an am seo. Bhunaigh sí Léig na hÉireann um Cheart Vótála do Mhná in 1908, a bhí ní ba mhíleataí. Gabhadh agus cuireadh roinnt ceannairí i bpríosún, chuaigh siad ar stailc ocrais agus níor cuireadh deireadh leis go dtí go bhfuair siad stádas polaitiúil.

Bhí mná áirithe ag iarraidh go mbeadh ceart vótála do mhná mar chuid den Bhille Rialtas Dúchais. Bhí ceannairí an pháirtí, Redmond agus Dillon, buartha go dteipfeadh ar Rialtas Dúchais dá gcuirfí leis an mbille é, áfach. Chreid daoine eile nár cheart dóibh ceart vótála a fháil

toisc nach raibh aon spéis acu i gcúrsaí polaitíochta agus gur chóir do mhná díriú ar aire a thabhairt dá gcuid clann (rud a bhí náireach). Ina dhiaidh sin, rinne Sufraigéidí Sasanacha ionsaí ar Redmond trí thimpiste, nuair a theastaigh uathu ionsaí a dhéanamh ar Phríomh-aire na Breataine, H.H. Asquith.

Bhí scoilt i ngluaiseacht na gceart vótála, agus tháinig teannas chun cinn le linn Ghéarchéim an Rialtais Dúchais. Lean roinnt ban polaitíocht náisiúnach agus lean mná eile polaitíocht aontachtach. Bhí roinnt ban ar son WW1 agus bhí mná eile ina choinne, rud a chuir leis an scoilt laistigh den ghluaiseacht. Mar sin féin, ghnóthaigh mná os cionn 30 bliain d'aois an ceart vótála i dtoghcháin na parlaiminte in 1918 nuair a tháinig deireadh leis an gcogadh.